Déanaimis Ceol

Le d'obair thopaice a dhéanamh níos spéisiúla, iarrtar ort píosa ceoil a chruthú.

Cruthaigh do chuid ceoil (dhá rogha) trí úsáid a bhaint as:

- bogearraí cumtha ceoil amhail Compose World Junior, Super Dooper Music Looper nó Audacity. Pleanáil agus cruthaigh do chuid ceoil, agus sábháil an comhad ar an ríomhaire.
- uirlisí ceoil, agus taifead do phort ar an ríomhaire.

Cas an ceol don chuid eile den rang agus pléigí na freagairtí acu. Cuir ceist ar dhaoine eile an bhfuil sé fóirsteanach don topaic.



Déan athruithe ar bith atá fóirsteanach, dar leat, ar do shaothar ceoil agus sábháil é ar an ríomhaire.

Féach an dtig leat:

Saothar ceoil iomlán ranga a chruthú ag úsáid na gcomhad fuaime atá cruthaithe ag an rang.

Úsáid a bhaint as micreafón USB leis an cheol a thaifeadadh.

Úsáid a bhaint as bogearraí digiteacha eagarthóireachta le do shaothar ceoil a fheabhsú.